

CULTÚRLANN

McADAM Ó FIAICH

# CLÁR IMBOLC 2022

## IMBOLC PROGRAMME

EANÁIR – MÁRTA | JANUARY – MARCH

# Focal ón Stiúrthóir

## Word from the Director



Go luath i mí Feabhra chífidh cuairteoirí ar an Cheathrú Ghaeltachta réad suntasach gorm ar an bhealach isteach chun na Cultúrlainne a chuirfeadh peireascóp ar fhomhuireán i gcuimhne duit. Júcbhosca filíochta atá ann agus beidh sé chugainn tráth a mbeidh aird an phobail ar Bhríd, éarlamh Críostaí agus bandia na filíochta in Éirinn. Tá ceiliúradh á dhéanamh againn ar dhánta, rainn agus véarsaí le filí as fud fad na tíre mar chuid de thionscnamh i gcomhar le Quotidian, eagras a chuireann an litríocht chun cinn i spásanna poiblí.

Dírigh do ghuthán ar na cóid QR ar an júcbhosca go gcluinfidh tú taifid de na meadarachtaí agus rímeanna, nó brúigh ar an chnaipe leis na véarsaí a fhí isteach le fuaimdhreach Bhóthar na bhFál. Tá scór file páirteach sa togra agus beidh siompóisiam lae againn dóibh siúd ar suim leo tuilleadh a fhoghlaim faoi ealaín na filíochta.

Beidh saothar le ceathrar físealaíontóirí le feiceáil i nDánlann Dillon agus sna Ballaí Bána idir seo agus deireadh mhí Aibreáin bunaithe ar théamaí na féiniúlachta cultúrtha agus cearta.

Tá seoda gleoite d'imeachtaí againn fosta don aos óg, go háirithe le linn Fhéile Pháistí Bhéal Feirste i mí an Mhárta a bhíonn á heagrú ag Young At Art. Beidh An Scéaltacht ann le Laureate na nÓg, Áine Ní Ghlinn, agus Máire Zepf, agus beimid ag racáil le Branar a thiocfaidh chugainn an bealach ar fad as Gaillimh.

Beidh scoth an cheoil againn le Clann Mhic Corraidh as Béal Feirste – grúpa den scoth a bhfuil tóir mhór ag a leantóirí iomadúla orthu.

Táimid thar a bheith buíoch as a dtacaíocht leanúnach dár bpríomh-mhaoinitheoir, an Chomhairle Ealaíon, agus d'Fhoras na Gaeilge, Comhairle Cathrach Bhéal Feirste, Ciste Infheistíochta na Gaeilge, Ciste Oidhreachta an Chrannchuir Náisiúnta agus an Roinn Pobal.

From early February, visitors to the Gaeltacht Quarter will notice a strange, blue, periscope-like object near the door of An Chultúrlann. We're installing a poetry jukebox right around the time our thoughts turn to Brigid, matron saint of Ireland for Christians and goddess of poetry for our ancestors. We're celebrating verses, stanzas and rhymes with work by twenty poets from all over Ireland in partnership with Quotidian – Word on the Street, an organisation that promotes literature in public spaces. Point your phone at the QR codes on the jukebox to trigger audio recordings full of lyrical metre, or simply push the button to allow the poems to weave their way into the Falls Road soundscape. You may also wish to join us for a day long symposium at the end of February and learn more about the art of poetry.
Between now and the end of April, work by four visual artists on the themes of cultural identity and rights will be exhibited in Dánlann Dillon and Na Ballaí Bána, and our young people can look forward to some wonderful events, especially during Young At Art's Belfast Children's Festival. Laureate na nÓg, Áine Ní Ghlinn, and Máire Zepf, will visit for a storytelling session, and Branar will bring their magical brand of children's theatre to the Cultúrlann in March.
We are thrilled to be hosting St Patrick's Day concert with one of Ireland's most talented musical families – Belfast's own Clann Mhic Corraidh from Andersonstown.
As always, we extend our deep gratitude for their ongoing support to our principal funder, the Arts Council of Northern Ireland, as well as Foras na Gaeilge, Belfast City Council, Ciste Infheistíochta na Gaeilge, The National Lottery Heritage Fund and the Department for Communities.

**Gráinne Ní Ghilín**

# Teachtaireacht ónár bpríomh-mhaoinitheoir

## Message from our principal funder



Baineann Imbolc le timthriall na ráithí, geimhreadh go hearrach, beatha úr á saolú, tús nua agus dóchas as an úire. Níor mhiste beagán dearfachta san am i láthair, creidim!  Ní nach ionadh, mar sin de, go bhfuil a oiread sin daoine ag casadh i dtreo na n-ealaíon ar na mallaibh mar ábhar só, siamsa agus spreagtha. Gach uair dá dtógann ealaíontóir scuab, dá gcuireann scríbhneoir peann le páipéar nó dá dtéann ceoltóir nó aisteoir ar ardán, saolaítear rud éigin úr. Rud éigin a ardaíonn ár meanma agus a chruthaíonn domhan níos gile, suimiúla, spreagúla, daite. Rud éigin cumhachtach ina gceiliúrtar an saol agus is féidir a chomhroinnt le cách. Nó lena rá ar dhóigh eile: fáilte go Clár na Bliana Úire sa Chultúrlann! Mar phríomh-mhaoinitheoir trínár gciste Crannchur Náisiúnta, tá an Chomhairle Ealaíon bródúil as an tacaíocht a thugtar don Chultúrlann de réir mar a leanann sí d'eispéiris ealaíne iontacha, spreagúla a chur ar fáil do gach duine.

**Róisín McDonough,**
**Príomhfheidhmeannach,**
**Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann**

Imbolc and the turning of the seasons, from winter to spring, is associated with the first stirrings of new life, of new beginnings and renewed hope. I think we could all do with a dose of positivity right now, couldn't we! It shouldn't come as a surprise, then, that so many more people have been turning to the arts in recent times, as a source of comfort, entertainment and inspiration. Every time an artist lifts a paintbrush, a writer puts pen to paper, a singer performs or an actor takes to the stage, something new is created and given life. Something that lifts us and makes our world a brighter, more interesting, engaging and colourful place. Something empowering, that celebrates life and that everyone can share. Or to put this another way: welcome to Cultúrlann's New Year programme!

As the principal funder through our National Lottery funds, the Arts Council is proud to support the Cultúrlann as it continues to bring everyone great, uplifting, arts experiences.plifting, arts experiences.

**Roisín McDonough, Chief Executive, Arts Council of Northern Ireland**

## Eanáir | January

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Téarma Nua \| New Term: Ranganna Gaeilge**<br>*12/01/22 \| 7:00pm* | Oideachas \| Education | zoom |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*15/01/22 \| 12:00 – 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Téarma Nua: Aisling Óg**<br>*15/01/22 - 07/05/22 \| 1:00 – 3:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>*10/01/22* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Téarma Nua \| New Term: Ióga le Dúnla**<br>*25/01/22 \| 7:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*22/01/22 \| 12:00 – 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Ciorcal Léitheoireachta**<br>*Dáta TBC \| 6:30pm* | Litríocht \| Literature | zoom |
| **Téarma Nua \| New Term: Ranganna Amhránaíochta**<br>*16/01/22 \| 6:00pm* | Oideachas & Ceol \| Education & Music | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*29/01/22 \| 12:00 – 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |

Feabhra | February

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Ceardlann Crosóga Bhríde**<br>*01/02/22 \| 11:00am - 1:00pm* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **An Chéad Bhean \| The First Woman le Eimear NicRoibeaird**<br>*03/02/22 - 17/03/22* | Ná hAmharcealaíona \| Visual Arts | Cultúrlann |
| **Cultural Equality le Kevin Hamilton**<br>*03/02/22 - 17/03/22* | Ná hAmharcealaíona \| Visual Arts | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*05/02/22 \| 12:00 – 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*12/02/22 \| 12:00 – 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Téarma Nua: Na Bopóga**<br>*05/02/22 - 26/02/22 \| 11:00am – 12:00pm* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*19/02/22 \| 12:00 – 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Féile Focail: Siompósiam Filíochta \| Poetry Symposiam**<br>*26/02/22* | Litríocht \| Literature | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*26/02/22 \| 12:00 – 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Ciorcal Léitheoireachta**<br>*Dáta TBC \| 6:30pm* | Oideachas & Litríocht \| Education & Literature | zoom |

Márta | March

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **An Scéaltacht le hÁine Ní Glinn & Myra Zepf**<br>*05/03/22 \| 1:00pm* | Litríocht & Óige \| Literature & Youth | Cultúrlann |
| **Lá Idirnáisiúnta na mBan**<br>*08/03/22* | Pobal \| Community | Cultúrlann |
| **Rocking Rhymes le Branar**<br>*11/03/22 - 12/03/22* | Óige \| Youth | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*12/03/22 \| 12:00 – 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Lá Fhéile Pádraig le Clann Mhic Corraidh**<br>*17/03/22 \| 12:30pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*19/03/22 \| 11:00am – 12:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |
| **Ag Fanacht ar Uimhir 12 \| Waiting for the Number 12 le Noel Connor**<br>*24/03/22 - 28/04/22* | Ná hAmharcealaíona \| Visual Arts | Cultúrlann |
| **Ionadú, Taispeántas aonair phéinteáil agus de phrionta le Pamela de Brí**<br>*24/03/22 - 28/04/22* | Ná hAmharcealaíona \| Visual Arts | Cultúrlann |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>*26/03/22 \| 12:00 – 2:00pm* | Ceol \| Music | Cultúrlann |




## An Ceathrú Póilí

Is siopa neamhspleách leabhair Ghaeilge An Ceathrú Póilí agus muid ar an fhód le breis agus 30 bliain anois. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa ann mar aon le cártaí ócáide, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, do cheardaithe agus d'éisteoirí ceoil.

**Uaireanta oscailte |**

**Luan-Aoine : 9:30am - 5:30pm**
**Satharn : 9:30am - 4:00pm**
**Tá an siopa ar líne:**
**www.anceathrupoili.com**
**– oscailte 24/7**

An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest bookshop with a diverse catalogue which ranges from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, we are a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers.

**Our opening hours are:**

**Monday - Friday : 9:30am - 5:30pm**
**Saturday : 9:30am - 4:00pm**
**Our online shop:**
**www.anceathrupoili.com**
**– is open 24/7.**




## Bia

Suite i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is caifé agus bialann é Bia do Ghaeil agus do chairde na Gaeilge agus na n-ealaíon. Tá rogha gach bia agus togha gach dí ar fáil sa bhialann, agus cócaireacht den chaighdeán is airde! Bígí linn! Le tábla a chur in áirithe, cuir glaoch orainn ar **02890 964184.**

Situated in the heart of the Gaeltacht Quarter, in Cultúrlann McAdam Ó Fiach, Bia is a café restaurant where you are guaranteed a warm Irish welcome and a 'cúpla focal' or more. Bia offers the best of Belfast food and drink, made to the highest standards! Come and join us! To book a table, call us on **02890 964184.**



## Cumann Óige na bhFál Dé Luain

Beidh Cumann Óige na bhFál ar ais i mí Eanáir le seisiún do pháistí bunscoile (6-8pm) agus seisiún do dhéagóirí (8-10pm). Ar a bharr seo cuirimid cúrsaí forbartha pearsanta ar fáil do na déagóirí, iad dírithe ar shláinte, ar mheabhairshláinte, ar shábháilteacht ar líne agus ar thromaíocht agus eile.

Cumann Óige na bhFál is back with a session for primary school children (6-8pm) and a teenagers' session (8-10pm). As well as this we're running personal development courses for our teenagers focusing on Health, Mental Health, Safety Online, Bullying and more.

**Oícheanta Luan | Monday Nights**
**Eolas: Emma@glornammona.com**
**nó sinead@culturlann.ie**

AISLING ÓG

15/01/22 – 07/05/22 | 1pm - 3pm | R1 - R7

## Aisling Óg

Beidh scoil drámaíochta na Cultúrlainne 'Aisling Óg' ag tosú ar ais agus tá muid ar bís! Seo deis iontach le cur le muinín agus le scileanna cumarsáide agus aisteoireachta páistí óga ó Rang 1 ar aghaidh chomh maith le bualadh le cairde nua agus spraoi a bheith acu. Déanann muid gach gné de na healaíona a thaiscéaladh - damhsa, ealaín, ceol agus drámaíocht ina measc, le clár spreagúil bríomhar a chomhlíonadh. Bíonn seó againn ag deireadh an téarma lenár gcuid oibre crua a chur ar taispeáint.

Cultúrlann's Drama School 'Aisling Óg' will start back and we cannot wait! This is a great opportunity for children from Primary 1 and up to build on their confidence, conversational skills and acting abilities all whilst making new friends and having great fun. We explore every aspect of the arts including dance, art, music and drama to fulfil an exciting and engaging programme. We also produce an end of term performance to show off all our hard work.

**15/01/22 – 07/05/22**
**1:00 - 3:00pm**
**£30 | Cláraigh | Register:**
**https://culturlann.ticketsolve.com/shows**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



NA BOPÓGA

## Na Bopóga

### le Tríona Ní Bhrádaigh

Ná caill Plúra-Lúra, Nóra Bheag, Daideo, agus a gcairde go léir lena gcuid scéalta, amhrán agus damhsaí a mbainfidh páistí beaga an-spraoi astu agus iad ag cur lena bhforbairt oideachasúil. Beidh réimse scéalaíochta, puipeadóireachta agus gníomhaíochtaí ealaíne ann le suim na bpáistí a choinneáil.

Don't miss Plúra-Lúra, Nóra Bheag, Daideo and all their friends with their stories, songs and dances that small children will enjoy while enhancing their educational development. There will be plenty of storytelling, puppets and art activities to keep the little ones entertained.

**05/02/22 - 26/02/22**
**11:00am - 12:00pm**
**£3 an tseachtain | per week**





# An Scéaltacht

## le hÁine Ní Ghlinn & Máire Zepf

Téigh isteach i ndomhan draíochtúil na scéalaíochta. Ná caill an t-imeacht galánta idirghníomhach seo atá dírithe ar theaghlaigh le Laureate na nÓg Áine Ní Ghlinn agus an t-údar iomráiteach, Máire Zepf.

Enter the magical land of stories. Don't miss this beautiful interactive event for families with Children's Laureate, Áine Ní Ghlinn and fellow fantastic author, Máire Zepf.

**Tuilleadh eolas gan mhoill | Further information soon**
**05/03/22**
**1:00pm**



YOUNG at ART

## Rocking Rhymes

## le Branar

**Aois | Age: 2+**

**Fad | Duration: 45 nóiméad**

Ar jiveáil Miss Muffet timpeall a tuffet? An raibh Jack agus Jill ag bopáil leo suas an chnoc? An fonn funcaí a chuir an cliabhán a luascadh? Is seó ceoil é Rockin' Rhymes dóibh siúd idir 2 agus 102 bliain d'aois a bhfuil dúil acu sa cheol. Is aistear racanróil é seo curtha i láthair ag cúigear ceoltóirí a dhéanann léamh úrnua ar rainn do pháistí. Cruthaithe go speisialta do lucht féachana óg ó dhá bhliain d'aois ar aghaidh, is léiriú draíochta ceoil é seo a dhéanann athshamhlú ar rannta páistí ar nós Roc a Babaí agus Réaltóg, Réaltóg le meascán de na gormacha, rac-cheol agus snagcheol agus scéalaíocht Bhranair.
Le léaráidí beochana a bhuí leis an ealaíontóir Maeve Clancy, cuirfidh an ghig ghalánta seo gach duine idir óg agus aosta ag damhsa.



YOUNG at ART

Did little Miss Muffet jive around her tuffet? Were Jack and Jill bopping up that hill? Was it a funky beat that made the cradle really rock? Rockin' Rhymes is a music show for music lovers aged 2 to 102.

It is a rock-n-roll adventure, performed by a band of 5 musicians, featuring nursery rhymes as you've never heard them before. Created specifically for early year audiences aged 2 years and upwards, this is a captivating musical performance, reimagining well-loved nursery rhymes such as Rock-a-Bye Baby and Twinkle Twinkle with bluesy, rock and jazz twists while blending it with Branar's signature storytelling style.

Accompanied by animated illustrations by artist Maeve Clancy, this feel-good live music gig will have both children and adults alike jiving to the beat of these nursery rhyme classics.

*"Branar also turns to music for inspiration in its new show Rockin' Rhymes, which sees a five-piece band bring subversive life to familiar nursery rhymes. Featuring sassy strings, percussive panache and a score that will have you jiving in your seat, this is a lively show that will please family audiences of all generations."*

- Sara Keating Sunday Business Post 27th October 2019

**11/03/22**
**10:00am | 12:00 pm**
**12/03/22**
**3:00pm | 5:00pm**

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH



# Coirnéal an Cheoil

## The Music Corner

Bígí linn achan Satharn sa chaife nuair a sheinntear scoth an cheoil thraidisiúnta ó shárcheoltóirí agus sháramhránaithe.

Join us every Saturday for the best of traditional music with fantastic traditional musicians playing in the cafe.

**Gach Satharn | Every Saturday**
**12:00 - 2:00pm**
**Cultúrlann**



## Lá Idirnaisiúnta na mBan: Ceol na mBan

Agus muid ag deanamh céiliúradh ar Lá Idirnaisiúnta na mBan beidh seisiúin speisialta na mban againn ag aithint tábhachta, tallainn agus róil na mban in earnáil an cheoil thraidisiúnta. Buailigí isteach!

To celebrate International Women's Day, we will have a fantastic all female session in recognition of the importance, talent and immeasurable role women have on the traditional music scene. Be sure to call in!

**08/03/21**
**12:00 – 2:00pm**




# Lá Fhéile Pádraig

## le Clann Mhic Corraidh

Beidh Clann Mhic Corraidh, a bhfuil clú orthu mar cheoltóirí den scoth, ag cur fonn ceiliúrtha na Féile Pádraig orainn i mbliana. Is amhránaí clúiteach an t-athair Seán agus tá Seán Óg ina bhall den bhanna ceoil 'The Rising of the Moon'. Beidh meascán d'amhráin, poirt, ríleanna, scéalta agus craic i nGaeilge agus i mBéarla.

The musical Mac Corraidh Clann will ensure a lively St Patrick's Day celebration. Father Seán is a well known folk singer whilst Seán Óg is a member of The Rising of the Moon folk band. They will be doing a special performance with a mixture of songs, jigs, reels, stories and craic both in Irish and in English.

**17/03/2022**
**12:30 - 2:30pm**
**Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**



Quotidian WORD On The Street

# Júcbhosca Filíochta


## Poetry Jukebox

Tá an Júcbhosca Filíochta ag #AthrúNaTeachtaireachta! Tá sé mar aidhm ag an togra seo an comhrá a athrú trí fhocail atá álainn, corraitheach agus spreagúil a roinnt, ag oscailt croíthe agus intinní agus ag cur filíocht i mbun oibre san áit ar chóir di a bheith: gach áit, ar son gach duine.

Tá lúcháir agus bród ar an Chultúrlann go mbeidh an chéad choimeádaíocht lán-Ghaeilge den júcbhosca le cluinstin againne ó mhí Feabhra 2022. Cnuasach de 20 dán comhaimseartha atá in 'Cead Aighnis: Leave to Speak', á léamh ag na filí iad féin, le haistriúcháin go Béarla. Coimeádaithe ag an fhile iomráiteach Celia de Fréine, beidh dánta le filí clúiteacha agus filí nua, ina measc: Gearóid Mac Lochlainn, Máire Mhac a' tSaoi, Proinsias Mac a Bhaird, Philip Cummings agus go leor, leor eile.

Chomh maith leis na cnaipí a bhrú ar an júcbhosca fisiciúil taobh amuigh den Chultúrlann, beidh na dánta ar fad ar fáil ar líne chomh maith ag **www.quotidian.ie**.

BRÚIGH ANSEO CLICK HERE




Poetry Jukebox are #ChangingTheMessage! This project aims to share beautiful, profound and life-affirming words and change the words on our streets, opening hearts and minds, putting poetry to work where it belongs: everywhere, for everyone.

The Cultúrlann is proud to host of the first-ever Irish language Poetry Jukebox curation from February 2022. 'Cead Aighnis: Leave to Speak' is a collection of 20 contemporary poems, read by the poets themselves, and with translation to English.

Curated by celebrated poet Celia de Fréine, it includes work from Gearóid Mac Lochlainn, Máire Mhac a tSaoi, Proinsias Mac a Bhaird, Philip Cummings and many many more.

As well as pressing buttons on the physical jukebox outside the Cultúrlann, poetry-lovers will be able to listen online at **www.quotidian.ie**.

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



## Féile Focal: Siompóisiam

### Symposium

Chun seoladh Júcbhosca Filíochta na Cultúrlainne a cheiliúradh, beidh muid ag reáchtáil sraith imeachtaí ar an 26ú Feabhra, imeachtaí a thabharfaidh léargas dúinn ar chumhacht, ar phléisiúir agus ar na próisis chruthaitheacha a bhaineann le healaín na filíochta. Idir cheardlanna scríbhneoireachta, léiriú beo, phlé agus thionscnamh 'LipéidLit' i measc an phobail, beidh spreagadh ann do gach duine, ó dhíl-dheisceabail na filíochta go daoine nach bhfuil oilte uirthi go fóill.
Beidh tuilleadh eolais ag teacht faoi na himeachtaí seo.

To celebrate the launch of the Cultúrlann's shiny new Poetry Jukebox, we are running a series of events on 26th February aiming to unpack the power, the pleasures and the creative processes of the poetic form. From hands-on writing workshops and performances, to discussion and a neighbourhood-wide Lit Label project, there will be inspiration for diehard poetry-disciples and new-comers to the form alike.
Detailed event information to follow.

**26/02/21**
**Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**



## Comórtas Filíochta 2022

Agus muid ag tógáil ar an chomórtas go dtí seo, beidh muid ag cur fáilte roimh iontrálacha don chomórtas arís go luath i mbliana . 'Oidhreacht' an téama a bheas i gceist agus muid ag ceiliúradh 30 bliain na Cultúrlainne. Coinnigh súil ar ár suíomh agus ar na meáin shóisialta le haghaidh tuilleadh eolais go luath sa bhliain úr.

Building on our successful poetry competition, we look forward to launching our third competition in early 2022. Our theme next year will be 'Heritage' as we celebrate 30 years of An Chultúrlann. Keep an eye on our website and social media for more details early in the new year.

# An Chéad Bhean

## The First Woman le hEimear NicRoibeaird

Tá lúcháir ar Eimear Nc Roibeaird a céad taispeántas aonarach a léiriú i nDánlann Gerard Dillon dar teideal An Chéad Bhean | The First Woman. Insíonn An Chéad Bhean scéal bhantracht na hÉireann tríd an phéintéireacht agus saothar scríofa bunaithe ar phearsa na Caillí. Tagann an Chailleach aníos i saíocht agus oidhreacht na hÉireann. Is carachtar í an Chailleach atá bunaithe ar íomhánna urchóideacha a bhfuil cúmhacht dhochreidte acu nach raibh faoi smacht an Naisiúnachais ná na Críostaíochta. Sa taispeántas seo, léireofar í mar Aoife "damanta," Ceasair dána, Mór-Ríoghain scáfar agus Sadhbh ghaisciúil.
Ag sníomh na finscéalaíochta agus na réadúlachta, is saothar meallacach é an taispeántas scéalaíochta seo atá á fhorbairt ag Eimear le 18 mí anuas. Tá sí faoi anáil a hoidhreachta agus a cultúir Ghaelaigh mar aon leis na scéalta miotaseolaíochta lenar tógadh í agus a taithí mar bhean Éireannach i gcoitinne.

Eimear Nic Roibeaird is delighted to debut her solo exhibition An Chéad Bhean/The First Woman in the Gerard Dillion Gallery. An Chéad Bhean tells the story of Irish womanhood through paintings and written work based on the Cailleach figure. The Cailleach figure appears in Irish lore and heritage. The Cailleach is a character is based upon the villainous image giving to Irish woman who possessed unattainable power that neither Nationalism nor Christianity could possess. In this exhibition she will be depicted as the "wicked" Aoife, the venturous Cessair, the frightful Morrigan and the heroic Sadbh. Weaving together myth and realism, this narrative exhibition is a compelling body of work that has been developed by Nic Roibeaird the past 18 months. She is inspired by her Gael heritage and culture and the stories of Mythology she was raised with and her own experiences as an Irish woman.

**03/02/22 – 17/03/22**
**Dánlann Dillon**



# Cultural Equality le Kevin Hamilton

Is féidir mí-úsáid a bhaint as cultúir thraidisúnta sa taobh seo tíre mar insint dhiúltach, agus mar dhóigh leis an lámh in uachtar a fháil ar an dream eile. Tá níos mó i gceist linne ná bratacha agus clocha colbha.
Tá áilleacht inmheánach bainte le gach cultúr cé go ndéantar neamhaird air seo in amanna. Chruthaigh foirgnimh agus láithreacha éagsúla ar nós Chaisleán Chnoc an Anfa, Mainistir Chluain Ard, Reilig Bhaile an Mhuilinn agus Páirc Windsor saothair thar a bheith suimiúil, siméadrach atá scartha ó na tréithe traidisiúnta a bhaineann leo. Tríd an rogha saothair seo, tá mé ag iarraidh tú a spreagadh le hamharc níos faide i gcéin ná an stair atá ag áiteanna agus sult agus tuiscint a bhaint as an áilleacht taobh istigh díobh.
Cuimsíonn mo shaothar píosaí ilathraitheacha arna spreagadh ag láithreacha agus sainchomharthaí tíre a n-aithnítear baint a bheith acu le cultúir amháin seachas a chéile, bunaithe ar na cultúir scartha anseo. Ag díriú an spotsolais ar áilleacht atá sofheicthe gach áit anseo, ach fios a bheith agat cá háit le hamharc, fíoráilleacht i ngach cultúr ar féidir sult a bhaint as gan réamhchlaonadh.

Traditional Cultures in this part of Ireland can often be abused and misused as a negative commentary, ‘a stick to beat the other side with.’ We are more than just flags and kerbstones.
All cultures have an intrinsic beauty within, which is often overlooked.
My new series of work I have focused on aspects of the built landscape which have traditionally been associated with one or the other side. Buildings and locations such as Stormont Castle, Clonard Monastery, Milltown cemetery and Windsor Park, created intriguing symmetrical compositions divorced from its previous traditional associations.
Through this selection of work, I want to encourage all to see beyond the history of a place and appreciate the beauty within.
My work is kaleidoscopic pieces drawn from locations and landmarks previously identified to be one or the other culture, from divided cultures here. Highlighting the beauty which is visible everywhere if you know how to look, a true beauty found in each culture which can be appreciated without prejudice.

**03|02|22 – 17|03|22**
**Na Ballaí Bána**



# Ag Fanacht ar Uimhir 12

## Waiting for the Number 12
## Noel Connor

Rugadh agus tógadh Noel Connor i mBaile Andarsan. Nuair a bhí sé óg, thaistil sé isteach agus amach as lár an bhaile ar bhus tralaí uimhir a 12. Cuireadh stad le seirbhís na mbusanna tralaí ar an 12 Bealtaine 1968. Don togra seo, d'aimsigh sé agus d'oibrigh sé leis an bhus a rinne an t-aistear deireanach sin suas Bóthar na bhFál agus a chuaigh thart le hEaglais Phreispitéireach an Bhealaigh Leathain, Cultúrlann an lae inniu. Ag baint úsáid as scannánaíocht, filíocht, grianghrafadóireacht, fiosraíonn Noel cad chuige a bhfuil uimhir a 12 ag imeacht ó Shráid an Chaisleáin a fhad le Páirc Mhic Ásmaint chomh glinn sin ina chuimhní cinn. Fiosraíonn sé fosta na himeachtaí a thit amach ar an bhus agus ina thimpeall agus an t-aistriú ó shoineantacht go réadúlacht na seascaidí malla i mBéal Feirste. Bhí a shamhlaíocht gafa ag castacht na línte cumhachta agus cáblaí a cheangail slite na mbusanna tralaí ó cheann ceann na cathrach agus aithníonn sé ní amháin a n-áilleacht shaoithiúil ach an suntas siombalach atá bainte leo mar shlite caillte ceanglais agus cumarsáide.




Noel Connor was born and raised in Andersonstown and as a child he would have travelled into and out of town on the number 12 trolley bus. Trolley buses were finally withdrawn from service on the 12th May 1968. For this project he has tracked down and worked directly with the actual bus which made that very last journey along the Falls Road, passing Broadway Presbyterian Church, now Cultúrlann. Using film, poetry and photography, Noel explores why the number 12 from Castle Street to Casement Park features so conspicuously in his memory, examining how events on and around it capture a transition from innocence into the realities of late 1960's Belfast. The complicated web of power lines and cables which once connected these trolley bus routes across the city also caught his imagination, recognizing not only their curious beauty, but their symbolic significance as lost lines of connection and communication.

**24/03/22 – 28/04/22**

**Dánlann Dillon**



# Ionadú, Taispeántas Aonair Péintéireachta agus Déanamh Priontaí le Pamela de Brí

Bailiúchán saothar roghnaithe atá in Ionadú ina ndéantar machnamh ar agus a dtaifeadtar na hathruithe sóisialta agus déimeagrafacha i gceantair thuaithe na hÉireann. Déanann an t-ealaíontóir iniúchadh ar 'áit' mar théama - talamh, baile, suíomh, ionaid agus ionadú.

Tá daoine ag cur fúthu sa tír seo le níos mó ná 10,000 bliain. Déantar athrú agus dul chun cinn ar úsáid na talún mar a thagann athrú agus forbairt ar an tsochaí.

Tagann daoine agus imíonn daoine agus fágann siad comharthaí pearsanta, stairiúla agus cultúrtha ar an tírdhreach sa timpeallacht nádúrtha agus sa timpeallacht thógtha, - a chuireann leis an athrú ó bhonn ar léarscáil dhomhain na talún.

In Ionadú déantar iarracht na síor-athruithe in aistriú tuaithe na hÉireann a mhapáil agus a thaifeadadh.



*Place,* Exhibition of Painting and Printmaking by Pamela de Brí

The selected body of work in Re: Place takes a fresh look at and draws attention to social and demographic changes in rural Ireland. The artist explores themes of place – land, home, location, placing and replacing.

This land, inhabited for over 10,000 years, has changed and developed over time. People come and go and leave their personal, historical and cultural marks on the landscape in both the natural and developed environment, all adding to the metamorphosing deep map of the land.

Re: Place brings the different strands together, documenting these ever changing shifts in rural Ireland.

**24/03/22 – 28/04/22**
**Ballaí Bána**




## Ceardlann Crosóga Bhríde

Anois teacht an Earraigh agus tá an lá ag dul chun síneadh Is tar éis na Féil' Bríde ardóidh mé mo sheol! Ní bheidh aon duine ag ardú aon seol gan Crosóg Bhríde bheith acu agus má tá tú ag iarraidh an tseancheird seo a fhoghlaim bí linn do na ceardlanna saor in aisce seo á n-éascú ag Cormac Ó Donnghaile.

As spring approaches and the famous lines from the poet Rafferty come to mind, it's worth remembering that you can't go without your St. Brigid's Cross. If you want to learn how to make your own, come along to our free workshop facilitated by Cormac Ó Donnghaile

**01/02/22**
**11:00 am - 1:00 pm**
**Cláraigh | Register:**
**https://culturlann.ticketsolve.com**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE



## Ranganna Gaeilge

Leanann ranganna Gaeilge na Cultúrlainne ar aghaidh go dtí an dara téarma den bhliain acadúil seo. Tá cúrsa 10 seachtaine ar fáil ina gcuimsítear Bunrang, Meánrang agus Rang Comhrá atá dírithe ar leibhéal Ardranga.
Is féidir clárú nó tuilleadh eolais a lorg trí theagmháil a dhéanamh le sinead@culturlann.ie

Cultúrlann's Irish classes continue on to the second term of this academic year. We offer a 10 week course which covers Beginner, Intermediate and a conversation class aimed at Advanced level.
You can register or get additional information through contacting sinead@culturlann.ie

**12/01/22 - 16/03/22**
**7.00pm (2x seisiún 40 bom | 2x 40 minute sessions)**
**Costas: £30**
**Cláraigh:**
**https://culturlann.ticketsolve.com**



## Ranganna Amhránaíochta

### Sean-nós Singing Classes

Tá ranganna ceoil na Cultúrlainne faoi lán seoil arís. Ceoltar amhráin Ghaeilge (ar an sean-nós) arna gcóiriú ag Doimnic Mac Giolla Bhríde, an ceoltóir iomráiteach a bhfuil Corn Uí Riada bainte aige. Beidh na ranganna saor in aisce agus mairfidh an cúrsa 6 seachtaine.
Is féidir clárú nó tuilleadh eolais a lorg trí theagmháil a dhéanamh le sinead@culturlann.ie

The Cultúrlann singing classes are back! This class focuses primarily on the rich tradition of Sean-nós singing in Irish, prepared and delivered by the award winning singer, Doimnic Mac Giolla Bhríde. There are no fees for these classes, which will run for 6 weeks.
You can register or get more info by contacting **sinead@culturlann.ie**



# Ióga le Dunla

## Yoga with Dunla

Breathnaítear sa rang seo ar réimsí éagsúla de struchtúr, feasacht, análú agus gluaiseacht. Tá an rang dátheangach seo ag fóirstean go maith do lucht bunleibhéil agus meánleibhéil araon.

This bilingual class explores different variations of structure, awareness, breathing and movement. Perfect for beginners and intermediate level.

**7.00pm**
**Rang seachtainiúil | Weekly class**



## Ciorcal Léitheoireachta

### Reading Circle

An maith leat a bheith ag léamh? Ar mhaith leat bualadh le daoine agus dreas comhrá a dhéanamh ar leabhair? Más é sin an cás, tar chuig céad teacht le chéile na bliana den Chiorcal Léitheoireachta.Tagann an Ciorcal Léitheoireachta le chéile uair sa mhí. Fáilte roimh achan duine.

Do you like to read? Would you like to meet other people and chat about books? If so, come to the first get-together of the year. The reading circle come together once a month. Fáilte roimh achan duine.

**Eolas | Info: Sinead@culturlann.ie**

zoom

## Na Meáin Shóisialta

### Social Media

Tá neart ábhar speisialta ar fáil ar na meáin shóisialta atá againn faoi láthair. Tabhair 'like' dúinn agus lean muid ar na hardáin éagsúla le go bhfeicfidh sibh an réimse siamsaíochta a chuireann muid ar fáil.

We are producing plenty of interesting material on our social media platforms at the minute. Please like and follow our pages to see the variety of material being produced.

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE